



CUNTAIS DEIRIDH **2010**



An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, Éire

Guthán: +353 1 659 3800

Facs: +353 1 659 3801

www.taxiregulator.ie

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

Clár ábhar Leathanach

Faisnéis Ghinearálta	1
Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	2
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	4
Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	5
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	7
Cuntas loncaim agus Caiteachais	8
Clár Comhardaithe	9
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	10
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	11

Faisnéis Ghinearálta

Ceannoifig

An Coimisiún um Rialáil
Tacsaithe,
35 Cearnóg Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2.
Guthán: 01 6593800
Facs: 01 6593801
commission@taxiregulator.ie

An Coimisinéir

Kathleen Doyle

Stiúrthóir Beartas agus Oibríochtaí

Jill Barry

Príomh-Bhaincéirí

Bainc-Aontas Éireann,
100/101 Sráid Grafton,
Baile Átha Cliath 2.

Iniúcháir

An tArd-Reachtair Cuntas
agus Ciste,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.

Cuntasóirí

Tribal Consulting,
25 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Aturnae

Mary Johnson
Stiúrthóir Gnóthaí Díl,
An Coimisiún um Rialáil
Tacsaithe,
35 Cearnóg Mhic Liam, Baile
Átha Cliath 2.

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Rialáil Tacsaithe 2003. Is é atá le fáil sna ráitis airgeadais, a réitíodh de réir na mbeartas cuntasaoíochta a leagtar amach, an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí bainteacha. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Choimisiúin agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe

agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú na nithe seo a leanas:

- Cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta maidir le cúinsí an Choimisiúin, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- Réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- Cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe nó neamhréireachtaí dealraitheacha, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Díscaoileadh an Bhoird

Dírím aird ar an bhfíric gur díscaoileadh an Coimisiún an 1 Eanáir 2011 agus gur aistríodh a sócmhainní agus a dhliteanais chuig an Údarás Náisiúnta Iompair faoi mar a shonraítear sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2010 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gCoimisiún. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.


Nithe ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- Tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha inar caitheadh airgead ar fheidhmeanna eile seachas na feidhmeanna beartaithe nó i gcás nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- Níl an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- Ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- Braithim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Dírím aird ar Nóta 8 leis na ráitis airgeadais ina nochtar caiteachas neamhéifeachtach €435,000 a thabhaigh an Coimisiún i dtaca le tionscadal nua i leith tástáil tiomána.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe eile ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



John Buckley
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 19 Nollaig 2011

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin

Ní foláir don Choimisiún faoi Alt 29 (1) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 gach cuntas cuí agus gnách i leith an airgid uile a fuarthas nó a caitheadh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus an clár comhardaithe, a choinneáil i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais.

Ní mór don Choimisiún, in ullmhú na ráiteas airgeadais sin, a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar réasúnach críonna iad.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún orthu i mbun feidhme.

Is é an Coimisiún atá freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta am ar bith a staid airgeadais, agus chun a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Acht um Rialáil Tacsaithe 2003. Tá freagracht ar an gCoimisiún chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Thar ceann an Choimisiúin:



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

An 14 Nollaig 2011

Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar gheall ar dhíscaoileadh an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe agus ar aistriú a fhoirne agus a fheidhmeanna chuig an Údarás Náisiúnta Iompair an 1 Eanáir 2011, is é seo an ráiteas deiridh a chuirfear ar fáil thar ceann an Choimisiúin. Ón dáta sin amach, leagadh an fhreagracht as an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais ar an Údarás Náisiúnta Iompair. Mar chuid den imeascadh seo, aistríodh timpeall €20 milliún ón gCoimisiún chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe, tugaim aird ar ár bhfreagracht a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ó bunaíodh é i mí Mheán Fómhair 2004, ghlac an Coimisiún céimeanna chun córas oiriúnach a fhorbairt, a thug dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, gur cosnaíodh sócmhainní, gur tugadh údarás do gach idirbheart agus gur taifeadadh iad i gceart, agus go ndearnadh earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthuile. Sa bhliain atá i gceist, 2010, tugadh faoi bhearta suntasacha leis an gcuspóir iomlán seo a bhaint amach.

Bhunaigh an Coimisiún próisis, lenar áiríodh measúnú riosca gnó foirmiúil, planáil theagmhasach agus meicníochtaí ar nós measúnú tionchar rialála agus comhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara, chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas ar na bealaí seo a leanas:

- Rioscaí an Choimisiúin a shainaithint agus a chatagóiriú, d'fhone leibhéil inghlactha riosca i leith na rioscaí sin a sainaithníodh, a dhéanamh amach;
- Dealraitheacht agus tionchar tharlú na rioscaí aitheanta a mheas agus clár chun na rioscaí sin a bhainistiú, a thosú.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna an Choimisiúin agus tacaíocht le haghaidh straitéisí an Choimisiúin chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chlár rioscaí an Choimisiúin ar bhonn tréimhsiúil in 2010 chun tacú leis an méid sin thuas. Tugadh faoi mheasúnú ar rioscaí sonracha oibriúcháin agus rialála i bpríomhréimse gnó – ceadúnú feithiclí – le linn na bliana freisin.

Lean an Coimisiún ar aghaidh in 2010 ag déanamh athbhreithniú ar na tacaíochtaí soláthar foirne agus córais a theastaíonn chun tréanchóras um rialuithe inmheánacha airgeadais a chur ar fáil d'fhonn a phríomhghníomhaíochtaí rialála, ceadúnaithe agus forfheidhmithe a thabhairt isteach faoi mar a shonraítear ina Ráiteas Straitéise reatha agus sa phlean gníomhaíochta a ghabhann leis. Le linn na tréimhe seo, rinneadh próisis a chothabháil le tacaíocht a thabhairt do chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta agus nósanna oibre riaracháin – leithscaradh freagrachtaí nuair a bhíothas ábalta, agus córas tarmiligin agus freagrachta, ina measc.

Thug anailís ar na rioscaí a raibh an Coimisiún nochtaithe dóibh faisnéis le haghaidh obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaíodh plananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo.

Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais ar lean

Cuireadh faisnéis ar fáil do mhonatóireacht, d'athbhreithniú agus d'fhorbairt bhreise an Choimisiúin ar an gcóras um rialuithe inmheánacha airgeadais trí obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí sa Choimisiún atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus ráitis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta. Chuir an t-iniúchóir inmheánach na hathbhreithnithe rialaithe a comhaontaíodh don bhliain i gcrích le linn na bliana 2010. Áiríodh leis seo athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha; cuireadh cuid mhór de na moltaí sa tuarascáil i bhfeidhm i gcomhar le hathruithe ar phróisis a bhí ag teastáil i gcomhthéacs an imeasctha leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ní raibh ach ball amháin sa Choimisiún de réir mar a fhoráiltear le hAlt 13(1) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003. Coinníodh an córas sin faoi athbhreithniú ag an gCoimisinéir ar feadh na bliana go léir.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010.

Síniú



Kathleen Doyle

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe

An 14 Nollaig 2011

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais.

A. Teagmhas Iar-Chlár Comhardaithe

Comhchuimsíodh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe san Údarás Náisiúnta Iompair an 1 Eanáir 2011. Glacadh an 1 Eanáir 2011 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 614 de 2010 mar an lá le haghaidh dhíscaoileadh an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe.

B. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais. Glacadh leis na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a tháinig siad i bhfeidhm.

C. Ioncam

Áirítear san ioncam, ioncam a chruthaítear ó ghníomhaíochtaí ceadúnaithe, measúnaithe agus forfheidhmithe.

D. Cánachas

Tá an Coimisiún díolmhaithe ón gCáin Chorporáide faoi Alt 41 den Acht Airgeadais, 1991.

E. Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Taispeántar sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, de réir méid chothroim, ag na rátaí bliantúla a leagtar amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú do luach iarmharach measta, thar shaoiléir fhónta ionchais gach catagóire cuí.

- (i) Léasacht 5%
- (ii) Bogearraí agus trealamh ríomhaire 33%
- (iii) Mótárfheithicil 20%

(iv) Daingneáin agus feistis 10%

(v) Trealamh oifige 10%

Soláthraítear dímheas do bhliain iomlán i mbliain na héadála.

F. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh ar chúrsaí caipitil.

G. Aoisliúntas

In 2010, fuair an Coimisiún formheas aire i gcomhair Scéim Aoisliúntais (Fostaithe) an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe agus Scéim Aoisliúntais (Baill) an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe, mar aon le Scéim Ranníocach Aoisliúntais do Chéilí agus Leanaí don dá phríomhscéim.

Tá struchtúir na scéime bunaithe ar scéim eiseamlárach gan mhaoiniú na Roinne Airgeadais do Chomhlachtaí Stáit. Tá sochair phinsin iníoctha faoi na scéimeanna maoinithe ag an Státchiste. Ina theannta sin, beidh roinnt saintréithe i socruithe an Choimisiúin:

- Tabharfaidh an Coimisiún ranníocaíocht chomhaontaithe don Roinn Iompair;
- Is mír fostaí i dteannta le mír fostóra atá sa ranníocaíocht;
- Is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de thuarastal d'fhosaithe ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) iomlán, agus 30% dóibh siúd ar ÁSPC modhnaithe;
- Tá tiomantas follasach ann ón Roinn Airgeadais go gcuirfear vóta na Roinne Iompair i gcistí leis an Státchiste le sochair phinsin a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite.

Measann an Coimisiún go bhfuil an éifeacht chéanna airgeadais ag a socruithe pinsin a thuairiscítear thuas ó thaobh an Choimisiúin de agus a bheadh ag scéim ranníocaíochta shainithe. Gearrtar ranníocaíochtaí don chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina ndéantar ranníocaíochtaí iníoctha astu.

H. Tréimhse na gCuntas

Baineann na ráitis airgeadais leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	Nóta	2010 (€)	2009 (€)
Ioncam	1	8,231,205	7,513,884
Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil	9	555	212,928
Ioncam iomlán		8,231,760	7,726,812
Tuarastail agus Pánna	2	2,276,946	2,387,775
Costais eile oibriúcháin	3	7,817,077	6,062,040
Costais tionscadail	4	871,938	920,431
		10,965,961	9,370,246
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse		(2,734,201)	(1,643,434)
Barrachas tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir		22,292,375	23,935,809
Barrachas amhail an 31 Nollaig		19,558,174	22,292,375

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-14.

Síniú



Kathleen Doyle

An 14 Nollaig 2011

Clár Comhardaithe

Amhail an 31 Nollaig 2010

	Nóta	2010 (€)	2009 (€)
Sócmhainní Seasta	5	586,913	587,468
Sócmhainní Reatha			
Banc agus Airgead		21,675,770	22,984,043
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	16,967	691,953
		21,692,737	23,675,996
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	7	1,751,159	1,383,621
Soláthar le haghaidh Eadráin Chonartha	8	383,404	0
Glansócmhainní Reatha		19,558,174	22,292,375
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		20,145,087	22,879,843
Ionadaithe ag:			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		19,558,174	22,292,375
Cuntas Caipitil	9	586,913	587,468
		20,145,087	22,879,843

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-14.

Síniú



Kathleen Doyle

An 14 Nollaig 2011

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	Nóta	2010 (€)	2009 (€)
Réiteach Barrachais/(Easnamh) Oibriúcháin chuig			
Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas		(2,734,201)	(1,643,434)
Ús ar Thaiscí a fuarthas	1	(505,299)	(557,043)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	3	24,934	74,914
Aistriú chuig cuntas caipitil	9	(555)	(212,928)
Dímheas	3	103,644	155,035
Laghdú ar fhéichiúnaithe		674,986	470,519
Méadú / (laghdú) ar chreidiúnaithe		750,941	(588,347)
Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh)		(1,685,550)	(2,301,284)
Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(1,685,550)	(2,301,284)
Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas			
Ús ar Thaiscí a fuarthas	1	505,299	557,043
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a fháil	5	(128,022)	(17,021)
Méadú/(laghdú) ar airgead		(1,308,273)	(1,761,262)
Réiteach glan-insreafa airgid go gluaisteacht i nglanchistí/(fiachas)			
Méadú/(laghdú) ar airgead		(1,308,273)	(1,761,262)
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		22,984,043	24,745,305
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		21,675,770	22,984,043

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-14.

Síniú



Kathleen Doyle

An 14 Nollaig 2011

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	2010 (€)	2009 (€)
1. Ioncam		
Táillí Ceadúnais infhaighte	7,562,917	6,679,528
Ioncam Forfheidhmithe	72,725	99,495
Measúnú Tiománaithe	70,612	148,823
Ioncam eile	19,652	28,995
Ús Bainc infhaighte	505,299	557,043
	8,231,205	7,513,884
2. Tuarastail agus Pánna		
Cuimsítear i gcostais foirne:		
Tuarastail agus pánna	1,283,882	1,391,848
Costais phinsin a fabhraíodh i rith na bliana	278,574	283,344
Foireann shealadach	558,017	570,176
Costais foirne eile	23,573	23,606
Costas foireann slándála	82,399	60,466
Oiliúint	50,501	58,335
	2,276,946	2,387,775
Líon na mbuanbhall foirne (coibhéis lánaimseartha)	22.8	22.8
Tá ball amháin foirne ar Shos Gairme Dreasaíthe		

Nóta 1: Baineadh €83,271 ó bhaill foirne trí thobhach pinsin agus íocadh an tsuim seo leis an Roinn Iompair in 2010.

Nóta 2: Tá costais i leith tinreamh comhdhála san áireamh i bhfigiúr athshonraithe oiliúna 2009

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	2010 (€)	2009 (€)
3. Costais Eile Oibriúcháin		
Táille iniúcháireachta	5,687	5,460
Taisteal agus cothú	216,215	224,804
Post/Guthán/Eolas	504,467	359,413
Costais TFC	464,315	434,343
Foirgneamh agus áiseanna	413,421	330,629
Oifig agus airgeadas	195,996	115,915
Sainchomhairliúchán	585,843	548,995
Costais i leith ceadúnú tiománaithe agus feithiclí	2,736,124	1,762,263
Costais i leith forfheidhmiú agus measúnú tiománaithe	677,008	178,592
Costais i leith bainistiú teagmhálaithe	935,724	687,609
Athbhreithniú ar tháillí tacsaithe agus RIA	106,776	176,498
Fógraíocht agus feasacht phoiblí	481,959	527,417
Scileanna Tiománaithe/Caighdeán Feithiclí/Oibreoirí Seachadta	112,597	
Taighde	123,402	176,080
Iniúchadh ar Stadanna Tacsaithe	109,618	298,319
Dímheas	103,644	155,035
Caillteanas ar Dhiúscairt	24,934	74,914
Costais na comhairle comhairlí	19,347	5,754
	7,817,077	6,062,040
4. Costais Tionscadail		
Tionscadail – iCABS agus TFC eile	67,268	
Tionscadal – Oibreacha Tógála	1,822	67,981
Tionscadail – Oibreoirí Seachadta/Ceadúnú Feithiclí/Clár Poiblí	128,507	100,327
Tionscadal – Ollstóráil sonraí	40,904	114,191
Tionscadal – CABS	123,868	
Tionscadail – Eile	71,341	
Tionscadail – CIMS/Scileanna Tiománaithe/Measúnú	383,404	637,932
Tionscadal – Imeascadh an NTA	54,824	
	871,938	920,431

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	Léasacht 5% (€)	Trealamh Ríomhaire 33% (€)	Trealamh Oifige 10% (€)	Daingneáin agus Feistis 10% (€)	Carr 20% (€)	Iomlán (€)
5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe						
Amhail an 1 Eanáir 2010	550,539	393,972	173,173	267,574	20,600	1,405,858
Coigeartuithe na tréimhse roimhe (16,723)	(16,723)	(129,319)	(61,167)	(41,999)	0	(249,208)
Breiseanna	110,410	6,421		11,191	0	128,022
Diúscairtí	0	(15,316)	0	(6,933)	0	(22,249)
Amhail an 31 Nollaig 2010	644,226	255,758	112,006	229,833	20,600	1,262,423
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2009	151,459	375,085	126,148	157,458	8,240	818,390
Coigeartuithe na tréimhse roimhe (3,345)	(3,345)	(145,066)	(52,821)	(26,163)	0	(227,395)
Diúscairtí	0	(15,316)	0	(3,813)	0	(19,129)
Dímheas don tréimhse	32,211	33,129	11,201	22,983	4,120	103,644
Amhail an 31 Nollaig 2010	180,325	247,832	84,528	150,465	12,360	675,510
Glanluach Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2009	399,080	18,887	47,025	110,116	12,360	587,468
Amhail an 31 Nollaig 2010	463,901	7,926	27,478	79,368	8,240	586,913

Nóta: Rinneadh réiteach cuntas in 2010 chun clár na sócmhainní seasta a shocrú leis na ráitis airgeadais. Bhí glanchoigeartú €21,813 sna ráitis airgeadais dá thoradh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	2010 (€)	2009 (€)
6. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		
Féichiúnaithe	0	5,600
Ioncam fabhráithe	3,360	656,442
Réamhíocaíochtaí	13,607	29,911
	16,967	691,953
7. Creidiúnaithe agus Fabhrúithe		
Creidiúnaithe trádála	518,022	596,327
Creidiúnaithe ioncaim	0	79,409
Creidiúnaithe eile	2,231	4,397
Fabhrúithe	506,414	285,748
Creidiúnaí aoisliúntais	724,492	381,890
Tairiscintí coinníollacha	0	35,850
	1,751,159	1,383,621
8. Soláthar le haghaidh Cealú Conartha		
Soláthar le haghaidh cealú conartha	383,404	0
	383,404	0
Bhain an Coimisiún leas as gnólacht in 2007 ag costas ar conradh €426,500 chun tástáil nua tiománaithe SPSV (Tástáil Eolas an Tionscail) a fhorbairt ina raibh dhá chuid – bunriachtanais SPSV agus tástálacha faoi eolas ceantair. Tháinig fadhbanna aníos de dheasca chaighdeán an ábhair a chuir an conraitheoir ar fáil agus scoir an Coimisiún an conradh laistigh d'fhógra seacht lá. Chuir an conraitheoir an díospóid faoi eadráin. Socraíodh an díospóid in 2011 agus comhaontaíodh go n-íocfaí €140,000 leis an gconraitheoir, mar aon le costais €243,000. Nuair a chuirtear san áireamh an réamhíocaíocht a tugadh don chonraitheoir, b'ionann costas na hoibre agus an tsocraíthe nach bhfuarthas luach ar bith ar a son agus €435,000. Tosaíodh próiseas nua soláthair agus tugadh an tionscadal chun críche sa bhliain 2009 ar chostas €589,793.		
9. Cuntas Caipitil		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	587,468	800,396
Cistí arna leithroinnt chun sócmhainní seasta a fháil	143,435	57,893
Méid amúchta de réir dímhéas sócmhainne	142,880	(155,035)
Aistriú ó/(chuig) Ioncam agus Caiteachas	(555)	(212,928)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	586,913	587,468

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

10. Aoisliúntas

Seo a leanas an luacháil tar éis athbhreithniú achtúireach ar Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe agus an Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2010. Tá na figiúirí seo a nochtadh in oirchill an chumaisc leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ba í 2010 an chéad bhliain inar luacháladh an scéim agus, dá bhrí sin, ní féidir comparáid a dhéanamh le 2009.

Íocfar teidlíochtaí aoisliúntais a eascróidh as an scéim san ioncam reatha.

2010 €000

A. Anailís ar chostais iomlána phinsin

Costas reatha seirbhíse	186
Ús ar dhliteanas scéim phinsin	139
Lúide Pinsin na bhFostóirí a fabhraíodh le haghaidh íocaíochta don Roinn Iompair	(278)
Cistí inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha	47

* Tarchuirtar ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Iompair agus ní theastaíonn aon choigeartú orthu seo dá dheasca.

B. Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais

Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	
Oibleagáid idirthréimhse	2,233
Costas reatha seirbhíse	186
Costais úis	139
Sochair a íocadh	
(Gnóthachan)/Cailteanas Achtúireach	(152)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	2,406

C. Maoiniú iarchurtha do Phinsin i Scéim Foirne

Breathnaíonn an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe ar na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha gan mhaoiniú le haghaidh pinsean de réir na sraithe toimhdí a mhínítear thuas agus roinnt teagmhas a tharla san am a chuaigh thart. Ar na teagmhais seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag freastal ar shuimeanna den saghas sin de réir cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean:

Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha	47
	47

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2010 agus €2,406.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

2010 €000

D. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

Oibleagáidí sochair shainithe	2,406
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí agus toimhde ar dhliteanais scéime	(152)
Céatadán de na dliteanais scéime	6.3%

E. Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh lena mbaineann sochar sainithe iad na scéimeanna ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin “eiseamláireacha” reatha scéime de chuid na hearnála poiblí. Soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) sa scéim, mar aon le pinsin do chéilí agus leanaí. Gnáthaois scoir is ea 65ú breithlá an bhaill, agus tá baill i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach a bheith i gceist ó aois 60 ar aghaidh, más ann dóibh ó thráth roimh an mbliain 2004. Is gnách go dtagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 17 (athbhreithnithe) ar luacháil achtúireach an 31 Nollaig 2010 ag achtúire cáilithe neamhspleách chun riachtanais an FRS a chur san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2010.

Ba iad na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

2010

Ráta lascaine	5.5%
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	n/b
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	3.5%
Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc	3.5%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

Seo a leanas liosta de na toimhdí achtúireacha a úsáideadh i luacháil na ndlíteanas agus na sochar faoin scéim.

Dáta na luachála	An 31 Nollaig 2010
Ráta lascaine	5.55% sa bhliain
Ráta fadtéarmach sochair ar shócmhainní	n/b
Méaduithe ar thuarastal inphinsin sa todhchaí	3.50% sa bhliain
Méadú ar an mbonn slándála sóisialaí	3.50% sa bhliain
Méaduithe ar innéacs praghsanna do thomhaltóirí	2.00% sa bhliain
Méaduithe ar phinsin	3.50% sa bhliain
Básmhaireacht roimh Scor	62% de PNML00/70% de PNFL00
Básmhaireacht tar éis Scoir*	62% de PNML00/70% de PNFL00 Méadaíonn fachtóirí blianachta faoi 0.39% sa bhliain le haghaidh gach bliana idir 2008 agus bliain an scoir
Liúntas aistarraingthe	Níl
Aois scoir	Baill roimh 2004 50% de bhaill a thiomhdítear a scoirfidh in aois 60 bliain 50% de bhaill a thiomhdítear a scoirfidh in aois 65 bliain Baill tar éis 2004 100% de bhaill a thiomhdítear a scoirfidh in aois 65 bliain
Céatadán atá pósta	Gníomhach – Fir agus Mná 100% Iarchurtha – Fir agus Mná 100%
Dífríocht aoise idir céilí	Toimhdítear Fir a bheith trí bliana níos sine ná na Céilí

* Ligeann bonn seo na básmhaireachta d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil go follasach le himeacht aimsire. Mar sin de, braithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeánann an tábla thíos ionchas saoil na mball a bhain/a bhainfidh aois 65 bliain amach in 2010, in 2030 agus in 2050

	2010	2030	2050
Bliain a baineadh aois 65 bliain amach			
Ionchas saoil – fir	86.6	88.3	90.2
Ionchas saoil – mná	88.3	90.2	92.2

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

11. Leasanna Bhall an Choimisiúin

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag Ball an Choimisiúin agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbheartaíochtaí sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas tairbheach ag Ball an Choimisiúin.

12. Ceangaltais Léasa

Tá ceangaltais ag an gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe i ndáil le léas ar chóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. In Aibreán 2006, sannadh léas don Choimisiún do théarma 35 bliain a rachaidh as feidhm an 27 Aibreán 2024. Is é €170,000 an cíos bliantúil agus tabharfar faoi athbhreithniú cíosa gach cúig bliana.

13. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh cur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais a mhionathrú agus athshonraíodh na figiúirí comparáideacha sa chás riachtanach ar bhealach nár tháinig salach le cur i láthair míreanna na bliana reatha.

14. Luach Saothair an Choimisinéara

Fuair an Coimisinéir íocaíochtaí tuarastail €132,626 in 2010. Níor íocadh aon íocaíochtaí bónais leis an gCoimisinéir. Fuair an Coimisinéir forchúiteamh €5,444 ar chostais taistil agus chothaithe in 2010.

Ball de scéim sochair shainithe gan chistiú na hearnála poiblí is ea an Coimisinéir agus ní sháraíonn a cuid teidlíochtaí pinsin gnáth-theidlíochtaí i scéim sochair shainithe aoisliúntais na hearnála poiblí.



